An Coimisiún Pleanála

*LEABHRÁN FAISNÉISE*

Comórtas oscailte le haghaidh ceapacháin chuig an bpost mar

**Cúntóir Riaracháin**

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe:**

**Dé Luain, an 7 Meán Fómhair 2026 ag 3.00 i.n.**

**IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA É AN COIMISIÚN PLEANÁLA**

**Lúnasa 2026**

**TEIDEAL AN PHOIST**: Cúntóir Riaracháin

**CINEÁL AN PHOIST:** Post buan lánaimseartha

**SUÍOMH:** 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902

## 1. Cúlra

Is é An Coimisiún Pleanála comhlacht pleanála náisiúnta na hÉireann atá freagrach as cinntí neamhspleácha, tráthúla, gar-bhreithiúnacha a dhéanamh maidir le hachomhairc a eascraíonn as cinntí údaráis phleanála agus le hiarratais dhíreacha a bhaineann le tionscadail bhonneagair straitéiseacha. Táimid freagrach freisin as cinneadh a dhéanamh ar thograí le haghaidh fáil éigeantach talún ag údaráis áitiúla, i measc raon feidhmeanna eile pleanála atá againn.

Feidhmíonn An Coimisiún Pleanála faoi reachtaíocht phleanála náisiúnta agus AE chasta. Athbhunaíodh sinn an 18 Meitheamh 2025 faoi Chuid 17 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, agus An Bord Pleanála (a bunaíodh sa bhliain 1977) an t-ainm a bhí orainn roimhe sin.

Éilíonn na héilimh oibríochtúla níos fairsinge agus níos mó atá ar an gCoimisiún Pleanála cur chuige eagraíochtúil úr agus níos dírithe chun tacú le hoibríochtaí éifeachtacha ar fud an Choimisiúin agus chun a chur ar a chumas a shainordú agus ionchais an phobail a chomhlíonadh.

Tá tuilleadh sonraí faoi ról agus obair an Choimisiúin Pleanála ar fáil ag www.pleanala.ie

**Struchtúr Foirne agus Caidrimh Tuairiscithe**

Tá 309 fostaí ag an gCoimisiún Pleanála faoi láthair, lena n-áirítear 13 Choimisinéir Pleanála. Tá cairt eagraíochtúil ag deireadh an leabhráin seo **(Aguisín 1).**Tá obair foirne agus comhordú le comhghleacaithe ríthábhachtach don ról, mar is iondúil go n-oibreoidh Cúntóirí Riaracháin mar chuid d'fhoireann le hOifigeach Feidhmiúcháin agus le hOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach.

## 2. Cur Síos ar an Ról

Tá éagsúlacht ag baint le dualgais Cúntóra Riaracháin sa Choimisiún Pleanála agus d'fhéadfaí an té a cheapfar a shannadh do chodanna éagsúla den eagraíocht, mar shampla do na feidhmeanna pleanála nó do na feidhmeanna corparáideacha. Féach an chairt eagraíochtúil ag deireadh an leabhráin (Aguisín 1).

D'fhéadfadh na dualgais a bheith éagsúil agus d'fhéadfadh próiseáil cásanna pleanála, ullmhú litreacha, iontráil sonraí, cumarsáid leis an bpobal ar an teileafón, go pearsanta agus trí ríomhphost, dualgais fáiltithe, freastal ar éisteachtaí ó bhéal lasmuigh den oifig agus dualgais ghinearálta riaracháin eile mar atá leagtha amach thíos a bheith i gceist leo.

**Róil agus Freagrachtaí**

- Dualgais ghinearálta riaracháin, mar shampla, comhdú, fótachóipeáil, glaonna teileafóin a fhreagairt/a dhéanamh, déileáil le ríomhphoist agus tascanna eile.
- Tacú le bainisteoirí líne agus comhghleacaithe
- Dualgais ag an deasc fáiltithe.
- Oibriú mar chuid d'fhoireann chun spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach agus seirbhís thábhachtach a sholáthar don phobal agus do chustaiméirí inmheánacha.
- Cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal/le custaiméirí, mar shampla, freagra a thabhairt ar cheisteanna agus faisnéis a sholáthar.
- Na caighdeáin cháilíochta is airde a sholáthar sa tseirbhís do chustaiméirí.
- Teicneolaíocht faisnéise a úsáid, mar shampla, próiseáil focal, scarbhileoga, bunachair sonraí, ríomhphost, féilire Outlook, PowerPoint, graif agus taighde idirlín.
- Iontráil sonraí/obair chuntasaíochta
- Tabhairt faoin obair ar bhealach cúramach modheolaíoch agus cruinneas a léiriú i gcónaí, fiú agus gnáthobair nó obair athchleachtach á déanamh.

- Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil ag éisteachtaí ó bhéal (cruinnithe móra poiblí) lasmuigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (agus íocfar na rátaí cuí taistil agus cothaithe ina leith).
- Aon dualgais eile a mheastar a bheith iomchuí.

# 3. Cáilíochtaí agus Taithí

## Riachtanais Riachtanacha

**Ní mór d'iarrthóirí, Dé hAoine, an 21 Lúnasa 2026 nó roimhe sin:**

(a) a bheith oilte go caighdeán na hArdteistiméireachta nó cáilíocht Leibhéal 4 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) (atá coibhéiseach leis an Ardteistiméireacht) nó cáilíocht níos airde a bheith acu, **agus** taithí oibre sé mhí ar a laghad a bheith acu roimhe seo i ról seirbhíse do chustaiméirí, i dtimpeallacht oifige más féidir**; nó**

(b) taithí oibre ábhartha bliana a bheith acu**; agus**

(c) scileanna cuí TFC a bheith acu, mar shampla, inniúlacht i dtáirgí Microsoft Office amhail Word, Excel, Outlook agus SharePoint agus eolas ar theicneolaíochtaí cliste, srl, **agus;**

**;**

(d) Ní mór do gach iarratasóir na hinniúlachtaí atá leagtha amach san fhoirm iarratais a léiriú.

### Riachtanais Inmhianaithe

- Ardleibhéal inniúlachta sa Ghaeilge.
- Cáilíocht ábhartha aitheanta tríú leibhéal agus/nó taithí i ndisciplín ábhartha, mar shampla TFC, an Ghaeilge, gnó, airgeadas, acmhainní daonna, soláthar, an dlí/reachtaíocht, bainistíocht tionscadal, rialachas, bainistíocht saoráidí nó cumarsáid.

## 4. Sonraíocht an Duine:

- iontaofa agus poncúil;
- ábalta a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú;
- ábalta cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an mbainistíocht shinsearach, le custaiméirí inmheánacha agus seachtracha agus le comhghleacaithe;
- ábalta scileanna láidre idirphearsanta a léiriú;
- críochnúil agus cruinn ina gcuid oibre;
- féinspreagtha agus cumas cruthaithe acu rudaí a chur i gcrích agus spriocdhátaí a chomhlíonadh;
- ábalta a léiriú go n-oibríonn siad go maith mar chuid d'fhoireann;
- solúbtha ina gcur chuige i leith na hoibre;
- ábalta glacadh le treoir agus treoracha a leanúint;
- Scileanna eagrúcháin agus an-aird ar mhionsonraí acu;
- ábalta tosaíochtaí a leagan síos dá n-ualach oibre féin agus é a eagrú;
- féintionscnamhach agus cumas cruthaithe acu oibriú as a stuaim féin agus rannchuidiú go héifeachtach mar chuid d'fhoireann ag an am céanna.

## 5. Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnóireachta:

- iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn na faisnéise atá ina n-iarratais;
- scrúdú béil roghnach sa Ghaeilge;
- agallamh iomaíoch.

*Tugann an scrúdú béil roghnach Gaeilge deis don iarratasóir páirt a ghlacadh i scrúdú béil iomaíoch Gaeilge chun marcanna breise a ghnóthú, má bhaineann sé/sí an caighdeán riachtanach amach.*

De ghnáth, bíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost níos mó ná an líon a theastaíonn chun poist reatha agus poist amach anseo a líonadh. Cé go bhféadfadh iarrthóirí critéir incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má bhíonn an oiread sin iarratasóirí ar phost nach mbeadh sé praiticiúil gach iarrthóir a chur ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin, féadfaidh an Coimisiún

Pleanála cinneadh a dhéanamh gan ach líon áirithe iarrthóirí a ghlaoch chun agallaimh.

I ndáil leis sin, bainfear úsáid as próiseas gearrliostaithe, bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais agus ar riachtanais riachtanacha agus inmhianaithe an phoist, chun grúpa iarrthóirí ar dealraitheach gurb iad is oiriúnaí don phost a roghnú don chéad chéim eile den phróiseas. Dá bhrí sin, is chun do leasa féin é cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar an gcaoi a gcomhlíonann do chuid scileanna, tréithe pearsanta, cáilíochtaí agus taithí riachtanais riachtanacha agus inmhianaithe an phoist.
Ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh agus is ar a gcostas féin a bheidh sé sin. Ní féidir na dátaí ná na hamanna agallaimh a leithdháiltear a athrú. **Ní bheidh aon éileamh ar bhreithniú breise ag iarrthóirí nach bhfreastalóidh ar agallamh nuair a iarrfar orthu déanamh amhlaidh, agus measfar go bhfuil a n-iarrthóireacht tarraingthe siar acu**.

Tá próifíl róil sa bhfógra seo do Chúntóir Riaracháin (CR) sa Choimisiún Pleanála, mar aon leis na hinniúlachtaí ábhartha don phost. Tá sé i gceist leis an bpróifíl róil cur síos a dhéanamh ar chineál agus leibhéal ginearálta na hoibre a bhaineann le ról CR sa Choimisiún Pleanála. Níl sé i gceist gur liosta uileghabhálach é de na freagrachtaí, na scileanna agus na cúraimí uile a bhaineann leis an bpost.

Féadfar aon iarrthóir a thugann faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ina iarratas a dhícháiliú nó deireadh a chur lena fhostaíocht. Déanfaimid ár ndícheall iarrthóirí a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn a n-iarratais a luaithe is féidir.
**Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go ndícháileofar iad de bharr canbhásála agus go n-eisiafar ón bpróiseas iad.**

## 6. An Próiseas Iarratais

Ní mór an Fhoirm Iarratais do **Chúntóir Riaracháin** a chomhlánú ina hiomláine agus a sheoladh i gceart chuig an seoladh ríomhphoist sonraithe. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais a chuirtear isteach go mícheart, mar sin tabhair aird ar leith ar an bhfaisnéis seo a leanas:

**Ní mór an fhoirm iarratais a bheith ina doiciméad Word ineagarthóireachta nó i bhformáid PDF.**
**Nuair a bheidh sí comhlánaithe agat, sábháil an cháipéis faoin ainm "Administrative Assistant - d'ainm". Beidh ort í a cheangal le ríomhphost lena seoladh nuair a bheidh sí comhlánaithe agat.**

**An fhoirm a chur isteach**

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agat, ní mór duit í a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas: recruitment@pleanala.ie

Ní ghlacfar isteach i bpróiseas an chomórtais ach le hiarratais a bheidh comhlánaithe ina n-iomláine san fhormáid chuí agus seolta ar líne. Má bhíonn deacracht agat an fhoirm iarratais a chomhlánú nó rochtain a fháil uirthi, seol ríomhphost chuig recruitment@pleanala.ie

Seolfaimid admháil go bhfuarthas gach iarratas. Mura bhfaigheann tú admháil laistigh de thrí lá oibre tar éis duit iarratas a dhéanamh, seol ríomhphost chuig an Rannóg Acmhainní Daonna ag HRqueries@pleanala.ie

**Ná cuir Curriculum Vitae isteach le d'iarratas mar ní bhreithneofar é.**

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais:**

## Dé Luain, an 7 Meán Fómhair 2026 ag 3.00 i.n.

**Tabhair faoi deara, le do thoil**

Déanaimid ár ndícheall an oiread fógra agus is féidir a thabhairt faoi dhátaí na n-agallamh. Meastar go mbeidh na hagallaimh ar siúl i mí Mheán Fómhair/mí Dheireadh Fómhair, agus dá bhrí sin ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil thart ar an am sin.

**Gearrliostú**

Má chuirtear próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm, scrúdófar agus measúnófar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i d'iarratas de réir critéir a bheidh bunaithe ar riachtanais an phoist.

Féadfar painéal a chur le chéile óna bhféadfar ceapacháin bhuana nó shealadacha a dhéanamh amach anseo.

**Moltóirí**

Smaoinigh, le do thoil, ar ainmneacha daoine a mheasann tú a bheadh oiriúnach mar mholtóirí agus a bhféadfaimis dul i gcomhairle leo (ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt nó triúr). Ba cheart d'fhostóir reatha a bheith ar dhuine de na moltóirí. Is féidir leat a bheith cinnte nach mbaileoimid sonraí na moltóirí agus nach rachaimid i dteagmháil leo ach amháin má tá tú á bhreithniú tar éis chéim an agallaimh.

## Na Bunchoinníollacha Seirbhíse

**1. GINEARÁLTA**

Is post buan inphinsin é an post.

**2. DUALGAIS**

Beidh ar an gCúntóir Riaracháin aon dualgais a shanntar dó nó di ó am go ham agus atá oiriúnach don phost a chomhlíonadh. Leagann an Coimisiún béim ar leith ar ardchaighdeáin ionracais a chothabháil, ar mheon foirne a fhorbairt agus ar cháilíocht na seirbhíse don phobal a fheabhsú.

**3. TUARASTAL**

Tá an tuarastal don phost leagtha amach thíos. Is ag íosphointe an scála tuarastail a dhéanfar iontráil ar an scála de ghnáth.

**Scála tuarastail RPP** (an 1 Meitheamh 2026)

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| €31,921 | €33,679 | €34,126 | €34,997 | €36,282 | €37,566 | €38,849 | €39,783 |
| €40,843 | €42,072 | €42,938 | €44,156 | €45,366 | €47,254 | €48,738[1] | €50,030[2] |

[1] Tar éis trí bliana de sheirbhís shásúil ag barr an scála.

[2] Tar éis sé bliana de sheirbhís shásúil ag barr an scála.

Ba cheart d’iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an rialtais.  Féadfar incrimintí a bhronnadh gach bliain faoi réir feidhmíochta sásúla.

**1. UAIREANTA OIBRE**

Is iad na huaireanta oibre a shocróidh an Coimisiún ó am go ham a bheidh i gceist. Faoi láthair, is ionann iad agus 43 uair agus 15 nóiméad sa tseachtain – 35 uair an chloig gan sosanna lóin a áireamh. Is iad 9.15 r.n. go 5.30 i.n., ó Luan go hAoine, na gnáthuaireanta freastail. Tá socruithe oibre solúbtha ar fáil.

## 2. PROMHADH

Beidh tréimhse phromhaidh sé mhí i bhfeidhm. Más rud é, le linn na tréimhse sin, go mbeidh an tseirbhís sásúil ó thaobh na sláinte, an iompair agus na héifeachtúlachta ginearálta de, déanfar an ceapachán buan. Os a choinne sin, má mheastar go bhfuil an tseirbhís le linn na tréimhse promhaidh míshásúil, féadfar deireadh a chur leis an gceapachán tráth ar bith.

## 6. SAOIRE BHLIANTÚIL

22 lá, a ardóidh go 23 lá tar éis cúig bliana seirbhíse; go 24 lá tar éis deich mbliana seirbhíse; go 25 lá tar éis 12 bhliain seirbhíse; agus go 26 lá tar éis 14 bliana seirbhíse. Tá an tsaoire sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear na gnáthlaethanta saoire poiblí léi. Ní mór gach saoire a ghlacadh de réir na gceanglas a fhéadfaidh an Coimisiún a leagan síos ó am go ham.

## 7. SAOIRE BHREOITEACHTA

I gcomhréir le Beartas Bainistíochta Neamhláithreachta an Choimisiúin, féadfar, faoi rogha an Choimisiúin, pá iomlán a cheadú le linn neamhláithreacht bhreoiteachta a bhfuil deimhniú cuí ina leith, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann ar éagumas buan chun seirbhís a dhéanamh, ar feadh tréimhse nach faide ná trí mhí in aon bhliain amháin, agus féadfar pá leathráta a cheadú ar feadh trí mhí ina dhiaidh sin, faoi réir uasmhéid sé mhí de shaoire bhreoiteachta in aon tréimhse ceithre bliana nó níos lú.

Ceanglófar ar cheapachánaí atá faoi réir ranníocaíochta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú lena n-údaraítear don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an gCoimisiún Pleanála. Beidh íocaíocht le linn breoiteachta faoi réir an choinníll go ndéanfaidh an fostaí na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

## 8. CEANNCHEATHRÚ

Tá ceanncheathrú an Choimisiúin i gCathair Bhaile Átha Cliath. Is é ceanncheathrú an Chúntóra Riaracháin cibé áit a ainmneoidh an Coimisiún ó am go ham. Nuair a bheidh Cúntóir Riaracháin as láthair ón mbaile agus óna cheanncheathrú nó óna ceanncheathrú ar ghnó an Choimisiúin, íocfar liúntais taistil agus chothaithe leis nó léi de réir na rátaí a shocróidh an Coimisiún. Beidh na rátaí mar an gcéanna leis na rátaí cuí sa státseirbhís. Ní bheidh costais taistil iníoctha i leith taistil idir baile an fhostaí agus an ceanncheathrú.

## 9. FOSTAÍOCHT SHEACHTRACH

Ní fhéadfaidh an Cúntóir Riaracháin gabháil d'aon fhostaíocht ná gnó seachtrach, ná baint a bheith aige nó aici leo, gan comhaontú i scríbhinn a fháil ón gCoimisiún roimh ré.

## 10. AOISLIÚNTAS

Tháinig Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013. Ón dáta sin ar aghaidh, beidh státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí nua ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, lena soláthrófar pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí agus bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime. Beidh aois íosta pinsin na scéime nasctha leis an aois cháilitheach don Phinsean Stáit. Beidh ar fhormhór na gcomhaltaí dul ar scor nuair a shroichfidh siad 70 bliain d'aois. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, féach: http://www.per.gov.ie/pensions.

(a) Beidh feidhm ag socruithe ranníocacha aoisliúntais (don phinsean pearsanta agus do phinsin céilí agus leanaí araon) maidir le ceapachánaí atá faoi réir ranníocaíochta ÁSPC de réir ráta Aicme A.

Beidh feidhm ag na rátaí ranníocaíochta atá leagtha amach ag (c) thíos. Déantar sochair aoisliúntais a chomhordú le sochair atá iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh i gcomhréir leis na forálacha i *Scéim Aoisliúntais Fhoireann an Bhoird Pleanála, 1986 go 2006.*

(b) Beidh feidhm ag socruithe pinsin phearsanta neamh-ranníocacha maidir le ceapachánaí atá faoi réir ráta ranníocaíochta ÁSPC Aicme D agus a bhfuil socruithe éagsúla pá agus coinníollacha i bhfeidhm ina leith. Ní dhéantar sochair aoisliúntais i gcásanna den sórt sin a chomhordú le sochair faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

(c) Rátaí Ranníocaíochta:

(i) 1.5% den luach saothair inphinsin, atá iníoctha i leith cnapshuime scoir;

(ii) 3.5% den ghlanluach saothair inphinsin, atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsin phearsanta;

(iii) 1.5% den luach saothair inphinsin, atá iníoctha i leith teidlíochtaí pinsin céilí agus leanaí.

Ciallaíonn luach saothair inphinsin comhiomlán an tuarastail agus na liúntas inphinsin. Ciallaíonn glanluach saothair inphinsin comhiomlán an tuarastail agus na liúntas inphinsin lúide dhá oiread ráta bliantúil an phinsin ranníocaigh seanaoise (a íocann an Roinn Coimirce Sóisialaí).

Íocfaidh ceapachánaithe atá faoi réir ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme A na ranníocaíochtaí ag (i), (ii) agus (iii) thuas.

Íocfaidh ceapachánaithe atá faoi réir ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme D an ranníocaíocht ag (iii) thuas.

**Fabhrú Pinsin**

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a chur san áireamh chun críocha pinsin i gcás ina raibh duine ina chomhalta de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin atá ann cheana.  Tháinig an teorainn 40

bliain seo, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, i bhfeidhm an 28 Iúil 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon cheapachánaí a ghnóthaigh cearta pinsin i bhfostaíocht roimhe seo sa tseirbhís phoiblí.

**Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB)**

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (RAB), i gcomhréir leis an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017, agus ní ghearrtar an ranníocaíocht sin ach ar ioncam inphinsin.

**Nóta Tábhachtach**

Léirítear thuas príomhchoinníollacha na seirbhíse agus níl sé i gceist gur liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile. Leagfar na téarmaí agus na coinníollacha sin amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil nuair a thairgfear ceapachán dó/di. Cinnfidh an Coimisiún Pleanála, i bhfianaise stair fostaíochta an cheapaí, an "iontrálaí nua" é nó í. Beidh ar cheapaithe a stair iomlán fostaíochta sa tseirbhís phoiblí a nochtadh.

**Dearbhú**

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasaithe luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí. Beidh ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí atá acu ar shochar pinsin seirbhíse poiblí (atá á íoc) a dhearbhú.

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an scéim pinsin d'Fhostaithe Bunaithe Stáit, féach an suíomh gréasáin seo a leanas: http://www.cspensions.gov.ie**

## 11. TRÉIMHSE OIFIGE

Féadfaidh ceachtar páirtí deireadh a chur leis an bhfostaíocht trí fhógra seachtaine i scríbhinn a thabhairt. I gcás mí-iompair, féadfar deireadh a chur leis an bhfostaíocht tráth ar bith gan fógra ná íocaíocht in ionad fógra.

## 12. RÚNDACHT AGUS CAIGHDEÁIN IOMPAIR

Ní mór do Chúntóir Riaracháin forálacha Ailt 573 agus 575 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 a chomhlíonadh. Baineann na forálacha sin le faisnéis rúnda a nochtadh agus le toirmeasc ar chumarsáidí áirithe maidir le haon ábhar a bheidh le breithniú nó le cinneadh ag an gCoimisiún nó ag aon cheann dá choistí nó dá ghrúpaí comhairliúcháin. Comhaontóidh an ceapaí gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe le linn na tréimhse fostaíochta ná ina diaidh.

## 13. AN tACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995

Beidh an ceapaí faoi réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

## 14. CÓD IOMPAIR - GNÍOMHAÍOCHT PHOLAITIÚIL

I gcomhréir le Cód Iompair an Choimisiúin, ní mór d'fhostaí dearbhú a thabhairt don Rúnaí maidir lena bhallraíocht nó lena ballraíocht in aon pháirtí polaitíochta.

## 15. CEANGLAIS FOIRNE

Ní mór do gach fostaí Cód Iompair an Choimisiúin agus gach beartas agus nós imeachta eile atá i bhfeidhm, nó a fhéadfaidh an Coimisiún a leagan síos nó a leasú ó am go ham, a chomhlíonadh.

## 16. FOSTAÍOCHT SHEACHTRACH

Post lánaimseartha a bheidh sa phost seo agus ní fhéadfaidh an ceapaí gabháil do chleachtas príobháideach ná baint a bheith aige nó aici le haon ghnó seachtrach a thagann salach ar a dhualgais oifigiúla nó a dualgais oifigiúla ar bhealach ar bith, a chuireann isteach ar a fheidhmíocht nó a feidhmíocht, nó a chuireann a ionracas nó a hionracas i mbaol.

## 17. INCHÁILITHEACHT CHUN CUR ISTEACH AR AN GCOMÓRTAS

Chun bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas seo, ní mór d'iarrthóirí a bheith ina náisiúnaigh de bhallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó teidlíocht dhlíthiúil reatha bhailí a bheith acu ar shlí eile chun obair in Éirinn.

Measfar iarrthóirí nach gcomhlíonann an ceanglas seo a bheith neamh-incháilithe.

**18. SCÉIM DREASAITHE LUATHSCOIR (ISER)**

Is coinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER), mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, nach gceadaítear do dhaoine a chuaigh ar scor faoin scéim sin iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna ná san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh lucht scoir den sórt sin iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

**19. CIORCLÁN NA ROINNE SLÁINTE AGUS LEANAÍ (7/2010)**

Le Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte, dar dáta an 1 Samhain 2010, tugadh isteach Scéim Spriocdhírithe Luathscoir Dheonaigh (SLD) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (SID). Is coinníoll den scéim SLD é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí, sa tseirbhís phoiblí níos leithne ná i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go príomha le hairgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoin SID, ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana, agus ina dhiaidh sin beidh gá le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d’aon athfhostú. Níl daoine a bhain leas as ceachtar de na scéimeanna sin incháilithe chun cur isteach ar an gcomórtas seo.

**20. DEARBHÚ**

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasaithe luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí. Beidh ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí atá acu ar shochar pinsin seirbhíse poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) de bharr aon fhostaíochta eile sa tseirbhís phoiblí a dhearbhú, agus/nó a dhearbhú an bhfuair siad íocaíocht in ionad sochair i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí.

**21. RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS RGCS - AN PRÓISEAS EARCAÍOCHTA**

**An Aidhm atá le Faisnéis Phearsanta a Phróiseáil**

Reáchtálann an Coimisiún Pleanála próiseas earcaíochta atá bunaithe ar inniúlachtaí chun folúntais laistigh den eagraíocht a líonadh. Chun an próiseas sin a chur i gcrích, iarrtar ar dhaoine a bhfuil spéis acu sa phost foirm iarratais a chur isteach lena measúnú ag painéal agallaimh. I gcás an iarrthóra rathúil, beidh cuid den fhaisnéis phearsanta a sholáthrófar mar bhonn leis an gconradh fostaíochta (m.sh. ainm agus seoladh) agus leis an gcomhad pearsanra.

**Bunús dlí le faisnéis phearsanta a phróiseáil**

- Tá an phróiseáil riachtanach chun conradh a chomhlíonadh nó chun conradh den sórt sin a dhéanamh.
- Oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh (an tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994–2014).

**Faighteoirí**

Gheobhaidh na páirtithe seo do chuid faisnéise pearsanta ar na cúiseanna atá leagtha amach thíos:

| Faighteoir | Cúis |
|---|---|
| Acmhainní Daonna | Iarratais a stóráil, admháil go bhfuarthas iad agus comhfhreagras a dhéanamh le hiarratasóirí. |
| Painéal Agallaimh | Gheobhaidh an painéal agallaimh d'iarratas chun iarratasóirí a ghearrliostú agus a mheasúnú. |
| Moltóirí | Iarrfar ar iarrthóirí rathúla sonraí moltóirí a thabhairt, ar féidir dul i dteagmháil leo chun taifid fostaíochta a dheimhniú agus chun trácht a dhéanamh ar oiriúnacht an iarratasóra don phost a ndearna sé/sí iarratas air. Déanfar teagmháil leo chun foirm a chomhlánú agus beidh sé riachtanach ainm agus seoladh an iarratasóra a thabhairt dóibh chun an teistiméireacht a fháil. |

| | |
|---|---|
| Príomhoifigeach Míochaine (POM) | Féadfaimid do shonraí pearsanta a úsáid chun tú a atreorú chuig an POM má tharraingítear aird ar aon saincheisteanna i d'fhoirm féinmheasúnaithe sláinte. I gcás atreoraithe, seolfar cóip den fhoirm dhearbhaithe chuig an POM freisin. |

**Sonraí faoi aistrithe sonraí lasmuigh den Aontas Eorpach**

Ní phróiseáiltear aon sonraí lasmuigh den Aontas Eorpach.

**Cinnteoireacht uathoibrithe**

Ní bhaineann sé seo leis an bpróiseas seo.

**Tréimhse choinneála sonraí pearsanta**

Coinneofar iarratais iarrthóirí nár éirigh leo ar feadh 12 mhí. Cuirfear iarratas an iarrthóra rathúil ar a chomhad nó ar a comhad fostaí agus coinneofar é le linn a fhostaíochta nó a fostaíochta agus ar feadh tréimhse chuí ina dhiaidh sin.

**Do chearta RGCS i ndáil leis an bpróiseas seo**


| Ceart | Míniú |
|---|---|
| Rochtain | Féadfaidh tú rochtain ar an bhfaisnéis a iarrtar sa phróiseas a iarraidh agus a fháil tráth ar bith. |
| Inaistritheacht | Féadfaidh tú cóip de na sonraí seo a iarraidh agus a fháil tráth ar bith i bhformáid leictreonach/inaistrithe. |
| Scriosadh | Is féidir leat iarraidh ar na sonraí atá á gcoimeád a scriosadh. Tá an tréimhse choinneála a bhfuiltear ag súil léi leagtha amach againn thuas. |
| Ceartú | Féadfaidh tú a iarraidh go gceartófaí aon fhaisnéis mhícheart, cibé acu mar gheall ar fhaisnéis nuashonraithe nó ar chúis eile atá sí mícheart. Ba cheart a thabhairt faoi |

| | |
|---|---|
| | deara go mbeidh feidhm fós ag na spriocdhátaí d'iarratais. Dá bhrí sin, ní féidir aon fhaisnéis, seachas faisnéis teagmhála, a athrú tar éis an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. |
| Cur i gcoinne | Féadfaidh tú agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na faisnéise seo agus a iarraidh go mbainfí d'iarratas den phróiseas. |
| Gearán | Féadfaidh tú gearán a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí inmheánach (tá na sonraí teagmhála leagtha amach thíos) agus/nó leis an údarás maoirseachta ábhartha – an Coimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn. |

**Sonraí Teagmhála**

**Ainm:** Oifigeach Cosanta Sonraí **Ríomhphost:** dataprotection@pleanala.ie

## Aguisín 1 – Cairt eagraíochtúil reatha an Choimisiúin Pleanála



## Aguisín 2: Inniúlachtaí ar Leibhéal an Chúntóra Riaracháin

**Obair Foirne**

- Léiríonn sé nó sí meas ar chomhghleacaithe agus ar chomhoibrithe.
- Forbraíonn agus cothaíonn sé nó sí dea-chaidrimh oibre le daoine eile agus roinneann sé nó sí faisnéis agus eolas, de réir mar is cuí.
- Cuireann sé nó sí a chuid nó a cuid smaointe agus dearcthaí féin chun cinn.
- Tuigeann sé nó sí a ról féin san fhoireann agus déanann sé nó sí gach iarracht a chion féin a dhéanamh

**Bainistíocht / Próiseáil Faisnéise**

- Tugann sé nó sí faoin obair ar fad agus cuireann sé nó sí i gcrích í ar bhealach críochnúil eagraithe
- Leanann sé nó sí nósanna imeachta agus prótacail agus tuigeann sé nó sí a luach agus an réasúnaíocht atá leo
- Coinníonn sé nó sí taifid ar ardchaighdeán atá éasca do dhaoine eile a thuiscint
- Baineann sé nó sí conclúidí cuí as faisnéis
- Molann sé nó sí bealaí nua chun rudaí a dhéanamh ar mhaithe le héifeachtúlacht níos fearr.
- Tá sé nó sí ar a chompord ag obair le cineálacha éagsúla faisnéise, m.sh. faisnéis scríofa, faisnéis uimhriúil, cairteacha, srl.

**Torthaí a Bhaint Amach**

- Glacann sé nó sí freagracht as an obair agus leanann sé nó sí ar aghaidh léi go dtí an chéad leibhéal cuí eile.
- Cuireann sé nó sí an obair i gcrích go tráthúil
- Cuireann sé nó sí é féin nó í féin in oiriúint go tapa do bhealaí nua chun rudaí a dhéanamh
- Seiceálann sé nó sí an obair ar fad go críochnúil lena chinntiú go gcuirtear i gcrích ar ardchaighdeán í
- Aithníonn agus tuigeann sé nó sí práinn agus tábhacht na dtascanna éagsúla
- Léiríonn sé nó sí tionscnamh agus solúbthacht lena chinntiú go gcuirtear an obair i gcrích
- Tá sé nó sí neamhspleách agus baineann sé nó sí úsáid as a bhreithiúnas nó as a breithiúnas chun cinneadh a dhéanamh cathain is ceart treoir a iarraidh ar an mbainisteoir nó ar chomhghleacaithe

**Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna Cumarsáide**

- Éisteann sé nó sí go gníomhach le daoine eile agus déanann sé nó sí iarracht a ndearcthaí, a n-éilimh nó a riachtanais a thuiscint
- Tuigeann sé nó sí na céimeanna nó na próisis nach mór do chustaiméirí dul tríothu agus is féidir leis nó léi iad a mhíniú go soiléir
- Bíonn sé nó sí measúil, cúirtéiseach agus gairmiúil agus fanann sé nó sí stuama fiú i gcúinsí dúshlánacha
- Déanann sé nó sí cumarsáid go soiléir agus go líofa, ó bhéal agus i scríbhinn

**Díograis agus Tiomantas**

- Déanann sé nó sí tréaniarracht go leanúnach feidhmiú ar ardleibhéal agus seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar
- Bíonn sé nó sí críochnúil agus coinsiasach, fiú nuair is gnáthobair atá i gceist
- Bíonn sé nó sí athléimneach agus leanann sé nó sí ar aghaidh in ainneoin dúshlán agus constaicí
- Bíonn sé nó sí macánta agus iontaofa
- Gníomhaíonn sé nó sí le hionracas i gcónaí

**Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt**

- Forbraíonn agus cothaíonn sé nó sí na scileanna agus an saineolas a theastaíonn chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach, m.sh. teicneolaíochtaí ábhartha, córais TF, beartais ábhartha, srl.
- Tuigeann sé nó sí go soiléir an ról, na cuspóirí agus na spriocanna agus an chaoi a mbaineann siad le hobair an aonaid
- Tá sé nó sí tiomanta don fhéinfhorbairt agus bíonn sé nó sí de shíor ag iarraidh a fheidhmíocht phearsanta nó a feidhmíocht phearsanta a fheabhsú